RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/280 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialacháin (AE) 2015/1222, (AE) 2016/1719, (AE) 2017/2195 agus (AE) 2017/1485 chun iad a ailíniú le Rialachán (AE) 2019/943

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas ([1]), agus go háirithe Airteagal 59(1) agus (2) Airteagal 60(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé léirithe go raibh sé ríthábhachtach rialacha comhchuibhithe a thabhairt isteach maidir le trádáil leictreachais agus oibriú eangaí trí chóid gréasáin leictreachais agus treoirlínte chun margadh leictreachais comhtháite a bhaint amach san Aontas.

(2) Le Rialacháin (AE) 2015/1222 ([2]), (AE) 2016/1719 ([3]), (AE) 2017/2195 ([4]) agus (AE) 2017/1485 ([5]) ón gCoimisiún, foráiltear do rialacha tábhachtacha le haghaidh dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh don leictreachas, mar go leagtar amach sna rialacháin sin rialacha mionsonraithe, nach mór d'údaráis rialála cloí leo, chun a shainiú go comhpháirteach na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí is gá chun trádáil leictreachais agus oibriú eangaí san Aontas a ailíniú.

(3) Is léir ón gcleachtas maidir leis an bpróiseas glactha téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí gur cheart dhá ghné den phróiseas glactha a shoiléiriú.

(4) Le Rialacháin (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus (AE) 2019/943 modhnaíodh creat rialála an mhargaidh inmheánaigh don leictreachas, lena n-áirítear an próiseas chun teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí.

(5) Faoi mar a leagtar amach in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2019/942, is go díreach anois a ghlacann an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ("an Ghníomhaireacht") téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí, ar téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí iad a theastaíodh formheas na n-údarás rialála uile ina leith roimhe seo. Chomh maith leis sin foráiltear le Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 go bhfuil na húdaráis rialála náisiúnta agus an Ghníomhaireacht i dteideal athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar na tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí arna dtíolacadh ag oibreoirí córas tarchurtha ("OCTanna") agus oibreoirí ainmnithe margaidh leictreachais ("OAMLanna").

(6) Le Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 bunaítear gurb iad rialálaithe náisiúnta agus an Ghníomhaireacht atá freagrach as téacsanna críochnaitheacha na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó na modheolaíochtaí a ghlacadh, agus go bhfuil sé de cheart acu athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar na tograí ó OCTanna nó ó OAMLanna chun a áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir le cuspóirí Rialacháin (AE) 2015/1222, (AE) 2016/1719, (AE) 2017/2195 agus (AE) 2017/1485 agus go rannchuidíonn siad le comhtháthú margaidh, neamh-idirdhealú, iomaíocht éifeachtach agus feidhmiú cuí mhargadh an leictreachais.

(7) Ba cheart na hathruithe sin a léiriú i Rialacháin (AE) 2015/1222, (AE) 2016/1719, (AE) 2017/2195 agus (AE) 2017/1485.

([1]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 54.

([2]) Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus le bainistiú ar phlódú (IO L 197, 25.7.2015, lch. 24).

([3]) Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh todhchaí acmhainneachta (IO L 259, 27.9.2016, lch. 42).

([4]) Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (IO L 312, 28.11.2017, lch. 6).

([5]) Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais (IO L 220, 25.8.2017, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO L 158, 14.6.2019, lch. 22).

(8) De thairbhe na taithí a fuarthas ar phróiseas forbartha na dtéarmaí, na gcoinníollacha nó na modheolaíochtaí atá ann faoi láthair, lena n-áirítear an dlí-eolaíocht atá ann le déanaí agus an mhoill i dtaca le teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí áirithe, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta rialúcháin maidir le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a shainiú chun go nglacfar go tráthúil iad.

(9) I gcomhréir le cásdlí na Cúirte atá ann le gairid ([7]), faoi Rialachán (AE) 2015/1222 is féidir le gach údarás rialála náisiúnta leasuithe ar thograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí ó OCTanna nó ó OAMLanna a iarraidh. Mar thoradh ar bhféidearthacht sin, d'fhéadfadh sraith iarrataí aonair iomadúla ar leasú a bheith ann agus bheadh tograí leasaithe ann dá réir le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí, agus ní bheadh féidearthacht réalaíoch ann lena bhformheas agus lena gcur chur chun feidhme go tráthúil. Ní hamháin go bhféadfadh sé sin a bheith ina chúis le moilleanna móra ar fhorbairt téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí, ach d'fhéadfadh sé gurb é an éiginnteacht dhlíthiúil an toradh ar iarrataí aonair nach bhfuil comhordaithe ar athruithe ar thograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí, ós rud é go mbeadh sé i gcónaí éiginnte cén leasú ag a mbeadh an tosaíocht. Chun an cás sin a sheachaint, le Rialacháin (AE) 2015/1222, (AE) 2016/1719, (AE) 2017/2195 agus (AE) 2017/1485 ba cheart nós imeachta soiléir a leagan amach chun iarrataí ar leasú ar théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a chomhordú.

(10) Is ionann an nós imeachta um chinntí comhordaithe maidir le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí i Rialacháin (AE) 2015/1222, (AE) 2016/1719, (AE) 2017/2195 agus (AE) 2017/1485. Chomh maith leis sin, is ionann an próiseas chun na ceithre Rialachán sin a leasú. Dá bhrí sin is gá na hathruithe ar na ceithre Rialachán sin a ghlacadh trí bhíthin aon Rialacháin leasaithigh amháin.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) 2019/943,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2015/1222

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2015/1222:

"Airteagal 9

Téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a ghlacadh

1. Forbróidh OCTanna agus OAMLanna na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí is gá de réir an Rialacháin seo agus cuirfidh siad faoi bhráid na Gníomhaireachta nó na n-údarás rialála inniúil iad lena bhformheas laistigh de na spriocdhátaí a leagtar amach dóibh sa Rialachán seo. In imthosca eisceachtúla, go sonrach i gcásanna nach féidir spriocdháta a chomhlíonadh de bharr imthosca lasmuigh de réimse na OCTanna nó na OAMLanna, féadfaidh an Ghníomhaireacht na spriocdhátaí do théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a chur siar i nósanna imeachta de bhun mhír 6, féadfaidh gach údarás rialála inniúil déanamh amhlaidh go comhpháirteach de bhun mhír 7, agus féadfaidh an t-údarás rialála inniúil déanamh amhlaidh i nósanna imeachta de bhun mhír 8.

Maidir le togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí de bhun an Rialacháin seo, i gcás gur gá do níos mó ná aon OCT amháin nó aon OAML amháin an togra seo a fhorbairt agus a chomhaontú, rachaidh na OCTanna agus na OAMLanna rannpháirteacha i ndlúthchomhar le chéile. Le cúnamh ón Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Leictreachais (ENTSO don Leictreachas), agus ó gach OAML, cuirfidh OCTanna na húdaráis rialála inniúla agus an Ghníomhaireacht ar an eolas go tráthrialta faoin dul chun cinn maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí sin a fhorbairt.

([7]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 24 Deireadh Fómhair 2019 i gcás T-332/17, E-Control Austria v ACER.

2. I gcás nach bhfuil OCTanna agus OAMLanna in ann teacht ar chomhaontú chun tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 6 a chinneadh, is le vótáil trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh siad sin a chinneadh. Beidh tromlach cáilithe ann laistigh de gach aon aicme vótála i ndáil le OCTanna agus OAMLanna. I gcás tromlach cáilithe le haghaidh na dtograí a liostaítear i mír 6, is gá an tromlach seo a leanas a bheith ann:

(a) OCTanna nó OAMLanna a dhéanann ionadaíocht ar 55 % ar a laghad de na Ballstáit; agus

(b) OCTanna nó OAMLanna a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit ina bhfuil 65 % de dhaonra an Aontais ar a laghad.

Chun go mbeidh mionlach blocála ann i gcomhair cinntí maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí i gcomhréir le mír 6, beidh OCTanna agus OAMLanna ann a dhéanann ionadaíocht ar cheithre Bhallstát ar a laghad, agus dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

I gcás cinntí OCTanna maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 6, sannfar vóta amháin do gach Ballstát. Má tá níos mó ná aon OCT amháin i gcríoch Ballstáit, déanfaidh an Ballstát na cumhachtaí vótála a leithdháileadh ar na OCTanna.

I gcás cinntí OAMLanna maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 6, sannfar vóta amháin do gach Ballstát. Líon na vótaí a bheidh ag gach OAML, beidh sé cothrom le líon na mBallstát ina bhfuil sé ainmnithe. Má tá níos mó ná OAML amháin ainmnithe i gcríoch Ballstáit, déanfaidh an Ballstát na cumhachtaí vótála a leithdháileadh ar na OAMLanna, agus cuirfear san áireamh an méid leictreachais a dhíol siad féin sa Bhallstát áirithe sin sa bhliain airgeadais roimhe sin.

3. Cé is moite d'Airteagal 43(1), Airteagal 44, Airteagal 56(1), Airteagal 63 agus Airteagal 74(1), i gcás nach bhfuil OCTanna in ann teacht ar chomhaontú maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 7 agus más rud é go bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát sna réigiúin lena mbaineann, is le vótáil trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh siad cinneadh. Beidh tromlach cáilithe ann laistigh de gach aon aicme vótála i ndáil le OCTanna agus OAMLanna. I gcás tromlach cáilithe i gcomhair tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 7, is gá an tromlach seo a leanas a bheith ann:

(a) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar 72 % de na Ballstáit lena mbaineann ar a laghad; agus

(b) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit ina bhfuil 65 % de dhaonra an réigiúin lena mbaineann ar a laghad

Chun go mbeidh mionlach blocála ann i gcomhair cinntí maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 7, beidh ar a laghad an líon íosta OCTanna ann a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná 35 % de dhaonra na mBallstát atá rannpháirteach, móide OCTanna a dhéanann ionadaíocht, ar a laghad, ar cheann amháin de na Ballstáit lena mbaineann, dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

OCTanna a dhéanann cinneadh maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 7 i ndáil le réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú, is de chomhthoil a dhéanfaidh siad cinneadh.

I gcás cinntí OCTanna maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 7, sannfar vóta amháin do gach Ballstát. Má tá níos mó ná aon OCT amháin i gcríoch Ballstáit, déanfaidh an Ballstát na cumhachtaí vótála a leithdháileadh ar na OCTanna.

Is de chomhthoil a dhéanfaidh OAMLanna cinneadh maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 7.

4. Mura gcuireann OCTanna nó OAMLanna togra tosaigh le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi bhráid na n-údarás rialála náisiúnta, nó faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le míreanna 6 go 8 nó mír 12 laistigh de na spriocdhátaí a leagtar amach sa Rialachán seo, soláthróidh siad do na húdaráis rialála inniúla agus don Ghníomhaireacht dréachtaí ábhartha na dtograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó na modheolaíochtaí, agus míneoidh siad cad chuige nár thángthas ar chomhaontú. Glacfaidh an Ghníomhaireacht, gach údarás rialála inniúil i gcomhpháirt, nó an t-údarás rialála inniúil na bearta is iomchuí chun na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a ghlacadh i gcomhréir le míreanna 6, 7 agus 8 faoi seach, cuir i gcás trí leasuithe a iarraidh nó trí na dréachtaí a athbhreithniú agus a chur i gcrích de bhun na míre seo, lena n-áirítear sa chás nár tíolacadh an dréacht, agus iad a fhormheas.

5. Formheasfaidh gach údarás rialála, nó i gcás inarb infheidhme an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí, arna bhforbairt ag OCTanna agus OAMLanna, a úsáidtear chun cúpláil amháin lá roimh ré nó cúpláil amháin ionlae a ríomh nó a leagan amach. Beidh siad freagrach as na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 6, 7 agus 8 a fhormheas. Sula ndéanfaidh an Ghníomhaireacht nó na húdaráis rialála inniúla na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a fhormheas, déanfaidh siad athbhreithniú ar na tograí de réir mar is gá agus tar éis dóibh dul i gcomhairle le OCTanna nó le OAMLanna, chun a áirithiú go bhfuil siad ag teacht le cuspóir an Rialacháin seo agus go rannchuidíonn siad le comhtháthú margaidh, neamh-idirdhealú, iomaíocht éifeachtach agus feidhmiú cuí an mhargaidh.

6. Is faoi réir formheas a fháil ón nGníomhaireacht a bheidh na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó na modheolaíochtaí seo a leanas agus aon leasú orthu:

(a) an plean maidir le comhfheidhmiú feidhmeanna oibreora margadhchúplála i gcomhréir le hAirteagal 7(3);

(b) na réigiúin ríofa acmhainneachta i gcomhréir le hAirteagal 15(1);

(c) an mhodheolaíocht maidir le giniúint agus soláthar sonraí lóid i gcomhréir le hAirteagal 16(1);

(d) an mhodheolaíocht don tsamhail choiteann eangaí i gcomhréir le hAirteagal 17(1);

(e) an togra le haghaidh modheolaíocht ríofa acmhainneachta chomhchuibhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(4);

(f) modheolaíocht cúltaca i gcomhréir le hAirteagal 36(3);

(g) an t-algartam arna thíolacadh ag OAMLanna i gcomhréir le hAirteagal 37(5), lena n-áirítear sraith ceanglais OCTanna agus OAMLanna maidir le forbairt algartam i gcomhréir le hAirteagal 37(1);

(h) táirgí a fhéadfaidh OAMLanna a chur san áireamh i bpróiseas na cúplála lá amháin roimh ré agus próiseas na cúplála ionlae i gcomhréir le hAirteagail 40 agus 53;

(i) na praghsanna uasta agus íosta i gcomhréir le hAirteagal 41(1) agus le hAirteagal 54(2);

(j) an mhodheolaíocht don phraghsáil acmhainneachta ionlae atá le forbairt i gcomhréir le hAirteagal 55(1);

(k) am oscailte an gheata thraschreasaigh agus am dúnta an gheata thraschreasaigh ionlae i gcomhréir le hAirteagal 59(1);

(l) an sprioc-am maidir le daingne lá roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 69;

(m) an mhodheolaíocht maidir leis na hioncaim ó phlódú a leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 73(1).

7. Beidh na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó modheolaíochtaí seo a leanas, agus aon leasú orthu, faoi réir formheas a fháil ó gach údarás rialála sa réigiún lena mbaineann:

(a) an mhodheolaíocht ríofa acmhainneachta comhchoitinne i gcomhréir le hAirteagal 20(2);

(b) cinntí maidir le ríomh sreabhadhbhunaithe a thabhairt isteach agus a chur ar atráth i gcomhréir le hAirteagal 20(2) go (6) agus maidir le díolúintí i gcomhréir le hAirteagal 20(7);

(c) an mhodheolaíocht maidir le hathsheoladh comhordaithe agus fritrádáil chomhordaithe i gcomhréir le hAirteagal 35(1);

(d) na modheolaíochtaí comhchoiteanna chun malartuithe sceidealaithe a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 43(1) agus le hAirteagal 56(1);

(e) na nósanna imeachta cúltaca i gcomhréir le hAirteagal 44;

(f) ceantanna réigiúnacha comhlántacha i gcomhréir le hAirteagal 63(1);

(g) na coinníollacha maidir le leithdháileadh sainráite a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 64(2);

(h) an mhodheolaíocht maidir le comhroinnt costas athsheolta nó fritrádála de réir Airteagal 74(1).

8. Beidh na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí seo a leanas, agus aon leasú orthu, faoi réir formheas aonair ó gach údarás rialála nó gach údarás inniúil eile de chuid na mBallstát lena mbaineann:

(a) i gcás inarb infheidhme, ainmniúchán OAML agus ainmniúchán a chúlghairm nó a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 4(2), (8) agus (9);

(b) más infheidhme, na táillí nó na modheolaíochtaí a úsáidtear chun táillí OAMLanna a bhaineann le trádáil sna margaí lá roimh ré agus sna margaí ionlae a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5(1);

(c) tograí ó OCTanna aonair chun athbhreithniú a dhéanamh ar chumraíocht an chreasa tairisceana i gcomhréir le hAirteagal 32(1)(d);

(d) i gcás inarb infheidhme, an togra le haghaidh leithdháileadh acmhainneachta traschreasaí agus socruithe eile i gcomhréir le hAirteagal 45 agus Airteagal 57;

(e) leithdháileadh acmhainneachta agus costais bhainistithe ar phlódú i gcomhréir le hAirteagail 75 go 79;

(f) más infheidhme, cionroinnt costas maidir le costais réigiúnacha cúplála lá roimh ré agus cúplála ionlae i gcomhréir le hAirteagal 80(4).

9. Áireofar sa togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí amscála beartaithe lena gcur chun feidhme agus tuairisc ar an tionchar a mheastar a bheidh acu ar chuspóirí an Rialacháin seo. Maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi réir formheas ó roinnt údarás rialála i gcomhréir le mír 7, cuirfear faoi bhráid na Gníomhaireachta iad laistigh de 1 sheachtain amháin tar éis iad a chur faoi bhráid údarás rialála. Maidir le tograí haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi réir formheas ó údarás rialála amháin i gcomhréir le mír 8, féadfar iad a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta laistigh de 1 mhí amháin tar éis iad a chur isteach, faoi rogha an údaráis rialála, agus cuirfear isteach iad arna iarraidh sin don Ghníomhaireacht chun críocha faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2019/942 má mheasann an Ghníomhaireacht go bhfuil tionchar trasteorann ag an togra. Arna iarraidh sin do na húdaráis rialála inniúla, eiseoidh an Ghníomhaireacht tuairim laistigh de 3 mhí ar na tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí.

10. I gcás ina n-éilítear cinneadh ó níos mó ná údarás rialála amháin chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí i gcomhréir le mír 7 a fhormheas, nó chun athbhreithniú a dhéanamh i gcomhréir le mír 12, rachaidh na húdaráis rialála inniúla i gcomhairle le chéile, i ndlúthchomhair le chéile agus déanfaidh siad comhoibriú go dlúth le chéile chun teacht ar chomhaontú. I gcás inarb infheidhme, cuirfidh na húdaráis rialála inniúla tuairim na Gníomhaireachta san áireamh. Déanfaidh údaráis rialála, nó i gcás inarb inniúil, an Ghníomhaireacht, cinntí maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí arna gcur isteach i gcomhréir le míreanna 6, 7 agus 8, laistigh de 6 mhí tar éis don Ghníomhaireacht nó don údarás rialála nó, i gcás i gcás inarb infheidhme, don údarás rialála deireanach lena mbaineann, na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a fháil. Is é tús na tréimhse an lá tar éis an lae a cuireadh an togra faoi bhráid na Gníomhaireachta i gcomhréir le mír 6, faoi bhráid an údaráis rialála dheireanaigh lena mbaineann i gcomhréir le mír 7 nó, i gcás inarb infheidhme, faoi bhráid na n-údarás rialála i gcomhréir le mír 8.

11. I gcás nach bhfuil na húdaráis rialála in ann teacht ar chomhaontú laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 10, nó arna iarraidh sin dóibh go comhpháirteach, nó don Ghníomhaireacht de réir an tríú fomhír d'Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/942, glacfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh maidir leis na tograí arna gcur isteach maidir le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí laistigh de 6 mhí, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus leis an dara fomhír d'Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.

12. I gcás ina n-iarrann an Ghníomhaireacht, nó gach údarás rialála inniúil i gcomhpháirt, nó an t-údarás rialála inniúil, leasú chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a cuireadh isteach i gcomhréir le míreanna 6, 7 agus 8 faoi seach a fhormheas, cuirfidh OCTanna nó OAMLanna ábhartha togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe isteach lena bhformheas laistigh de 2 mhí tar éis na hiarrata ón nGníomhaireacht, nó ó na húdaráis rialála inniúla nó ón údarás rialála inniúil. An Ghníomhaireacht, nó na húdaráis rialála inniúla nó an t-údarás rialála inniúil a dhéanfaidh cinneadh maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí leasaithe laistigh de 2 mhí tar éis a dtíolactha. I gcás nach bhfuil na húdaráis rialála inniúla in ann teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí de bhun mhír 7 laistigh den spriocdháta 2 mhí, nó arna iarraidh sin dóibh go comhpháirteach, nó don Ghníomhaireacht de réir an tríú fomhír d'Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/942, glacfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh maidir leis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe laistigh de 6 mhí, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus leis an dara fomhír d'Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. Mura gcuireann na OCTanna nó na OAMLanna ábhartha togra isteach le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 4 den Airteagal seo.

13. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, nó gach údarás rialála inniúil i gcomhpháirt, nó an t-údarás rialála inniúil, i gcás ina bhfuil siad freagrach as na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a ghlacadh i gcomhréir le míreanna 6, 7 agus 8, féadfaidh siad féin tograí le haghaidh leasuithe ar na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a iarraidh agus cinneadh a dhéanamh maidir le spriocdháta i ndáil le tíolacadh na dtograí. OCTanna agus OAMLanna atá freagrach as togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a fhorbairt, féadfaidh siad leasuithe a mholadh d'údaráis rialála agus don Ghníomhaireacht.

Déanfar na tograí chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a leasú a chur isteach le haghaidh comhairliúcháin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 12 agus déanfar iad a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo.

14. OCTanna agus OAMLanna atá freagrach as na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a bhunú i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad iad a fhoilsiú ar an idirlíon tar éis don Ghníomhaireacht nó do na húdaráis rialála inniúla iad a fhormheas nó, i gcás nach gá d'fhormheas den sórt sin, tar éis a mbunaithe, seachas i gcás ina meastar an fhaisnéis sin a bheith rúnda i gcomhréir le hAirteagal 13."

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/1719

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/1719:

"Airteagal 4

Téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a ghlacadh

1. Forbróidh OCTanna na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí is gá de réir an Rialacháin seo agus cuirfidh siad faoi bhráid na Gníomhaireachta nó na n-údarás rialála inniúil iad lena bhformheas laistigh de na spriocdhátaí a leagtar amach sa Rialachán seo. In imthosca eisceachtúla, go sonrach i gcás nach féidir spriocdháta a chomhlíonadh de bharr imthosca lasmuigh de réimse na OCTanna, féadfaidh an Ghníomhaireacht na spriocdhátaí do théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a chur siar i nósanna imeachta de bhun mhír 6, agus féadfaidh gach údarás rialála inniúil déanamh amhlaidh go comhpháirteach i nósanna imeachta de bhun mhír 7. Más rud é gur gá do níos mó ná OCT amháin togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí de bhun an Rialacháin seo a fhorbairt agus a chomhaontú, rachaidh OCTanna rannpháirteacha i ndlúthchomhar le chéile. Le cúnamh ó ENTSO don Leictreachas, cuirfidh OCTanna na húdaráis rialála inniúla agus an Ghníomhaireacht ar an eolas go tráthrialta faoin dul chun cinn maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí sin a fhorbairt.

2. I gcás nach bhfuil OCTanna in ann teacht ar chomhaontú chun tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 6 a chinneadh, is le vótáil trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh siad cinneadh. I gcás tromlach cáilithe le haghaidh tograí i gcomhréir le mír 6, is gá an tromlach seo a leanas a bheith ann:

(a) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar 55 % ar a laghad de na Ballstáit; agus

(b) OCTanna nó OAMLanna a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit ina bhfuil 65 % de dhaonra an Aontais ar a laghad.

Chun go mbeidh mionlach blocála ann i gcomhair cinntí maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí i gcomhréir le mír 6, beidh OCTanna ann a dhéanann ionadaíocht ar cheithre Bhallstát ar a laghad, agus dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe bheith ann.

I gcás cinntí OCTanna maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 6, sannfar vóta amháin do gach Ballstát. Má tá níos mó ná aon OCT amháin i gcríoch Ballstáit, déanfaidh an Ballstát na cumhachtaí vótála a leithdháileadh ar na OCTanna.

3. I gcás nach bhfuil OCTanna in ann teacht ar chomhaontú chun tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 7 a chinneadh agus más rud é go bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát sna réigiúin lena mbaineann, is le vótáil trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh siad cinneadh. I gcás tromlach cáilithe le haghaidh tograí i gcomhréir le mír 7, is gá an tromlach seo a leanas a bheith ann:

(a) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar 72 % de na Ballstáit lena mbaineann ar a laghad; agus

(b) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit ina bhfuil 65 % ar a laghad de dhaonra an réigiúin lena mbaineann.

Chun go mbeidh mionlach blocála ann i gcomhair cinntí maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 7, beidh ar a laghad an líon íosta OCTanna ann a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná 35 % de dhaonra na mBallstát atá rannpháirteach, móide OCTanna a dhéanann ionadaíocht, ar a laghad, ar cheann amháin de na Ballstáit lena mbaineann, dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

OCTanna a dhéanann cinneadh maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 7 i ndáil le réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú, is de chomhthoil a dhéanfaidh siad cinneadh.

I gcás cinntí OCTanna maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear i mír 7, sannfar vóta amháin do gach Ballstát. Má tá níos mó ná aon OCT amháin i gcríoch Ballstáit, déanfaidh an Ballstát na cumhachtaí vótála a leithdháileadh ar na OCTanna.

4. Mura gcuireann OCTanna togra tosaigh le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi bhráid na n-údarás rialála náisiúnta, nó faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le míreanna 6 agus 7 nó mír 11 laistigh de na spriocdhátaí a leagtar amach sa Rialachán seo, soláthróidh siad do na húdaráis rialála inniúla agus don Ghníomhaireacht dréachtaí ábhartha na dtograí le haghaidh dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó na modheolaíochtaí, agus míneoidh siad cad chuige nár thángthas ar chomhaontú. Glacfaidh an Ghníomhaireacht, nó gach údarás rialála inniúil i gcomhpháirt, na bearta is iomchuí chun na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí is gá a ghlacadh i gcomhréir le míreanna 6 nó 7 faoi seach, cuir i gcás trí leasuithe a iarraidh nó trí na dréachtaí a athbhreithniú agus a chur i gcrích de bhun na míre seo, lena n-áirítear sa chás nár tíolacadh an dréacht, agus iad a fhormheas.

5. Gach údarás rialála nó i gcás inarb infheidhme, an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, beidh sé freagrach as na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7 a fhormheas. Sula ndéanfaidh an Ghníomhaireacht nó na húdaráis rialála inniúla na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a fhormheas, déanfaidh siad athbhreithniú ar na tograí de réir mar is gá agus tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na OCTanna faoi seach, chun a áirithiú go bhfuil siad ag teacht le cuspóir an Rialacháin seo agus go rannchuidíonn siad le comhtháthú margaidh, neamh-idirdhealú, iomaíocht éifeachtach agus feidhmiú cuí an mhargaidh.

6. Is faoi réir formheas a fháil ón nGníomhaireacht a bheidh na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó na modheolaíochtaí seo a leanas agus aon leasú orthu:

(a) an mhodheolaíocht maidir le giniúint agus soláthar sonraí lóid de bhun Airteagal 17;

(b) an mhodheolaíocht don tsamhail choiteann eangaí de bhun Airteagal 18;

(c) na ceanglais maidir haon ardán amháin um leithdháileadh le bhun Airteagal 49;

(d) na rialacha comhchuibhithe maidir le leithdháileadh de bhun Airteagal 51;

(e) an mhodheolaíocht maidir leis an ioncaim ó phlódú a leithdháileadh de bhun Airteagal 57;

(f) an mhodheolaíocht chun costais aon ardáin amháin um leithdháileadh a bhunú, a fhorbairt agus a fheidhmiú de bhun Airteagal 59;

(g) an mhodheolaíocht chun costais arna dtabhú a chomhroinnt chun daingne agus luach saothair na gceart fadtéarmach tarchurtha de bhun Airteagal 61 a áirithiú.

7. Beidh na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó modheolaíochtaí seo a leanas, agus aon leasú orthu, faoi réir formheas ó gach údarás rialála sa réigiún lena mbaineann:

(a) an mhodheolaíocht chun acmhainneacht a ríomh de bhun Airteagal 10;

(b) an mhodheolaíocht chun an acmhainneacht thraschreasach a dheighilt de bhun Airteagal 16;

(c) dearadh réigiúnach na gceart fadtéarmach tarchurtha de bhun Airteagal 31;

(d) nósanna imeachta cúltaca a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 42;

(e) ceanglais réigiúnacha na rialacha comhchuibhithe maidir le leithdháileadh de bhun Airteagal 52, lena n-áirítear na rialacha réigiúnacha maidir le cúiteamh de bhun Airteagal 55.

8. Áireofar sa togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí amscála beartaithe lena gcur chun feidhme agus tuairisc ar an tionchar a mheastar a bheidh acu ar chuspóirí an Rialacháin seo. Maidir le tograí haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi réir formheas ó roinnt údarás rialála, nó faoi réir formheas ó na húdaráis rialála uile, i gcomhréir le mír 7, cuirfear faoi bhráid na Gníomhaireachta iad laistigh de 1 sheachtain amháin tar éis iad a chur faoi bhráid na n-údarás rialála. Arna iarraidh sin do na húdaráis rialála inniúla, eiseoidh an Ghníomhaireacht tuairim laistigh de 3 mhí ar na tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí.

9. I gcás ina n-éilítear cinneadh ó níos mó ná údarás rialála amháin chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí i gcomhréir le mír 7 a fhormheas, nó chun athbhreithniú a dhéanamh i gcomhréir le mír 11, rachaidh na húdaráis rialála inniúla i gcomhairle le chéile, i ndlúthchomhair le chéile agus déanfaidh siad comhoibriú go dlúth le chéile chun teacht ar chomhaontú. I gcás inarb infheidhme, cuirfidh na húdaráis rialála inniúla tuairim na Gníomhaireachta san áireamh. Na húdaráis rialála, nó i gcás inarb inniúil, an Ghníomhaireacht, déanfaidh siad cinntí maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí arna gcur isteach i gcomhréir le míreanna 6 agus 7, laistigh de 6 mhí tar éis don Ghníomhaireacht, nó i gcás inarb infheidhme, don údarás rialála deireanach lena mbaineann, na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a fháil. Is é tús na tréimhse an lá tar éis an lae a cuireadh an togra faoi bhráid na Gníomhaireachta i gcomhréir le mír 6 nó faoi bhráid an údaráis rialála dheireanaigh lena mbaineann i gcomhréir le mír 7.

10. I gcás nach bhfuil na húdaráis rialála in ann teacht ar chomhaontú laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 9, nó arna iarraidh sin dóibh go comhpháirteach, nó don Ghníomhaireacht de réir an tríú fomhír d'Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/942, glacfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh maidir leis na tograí arna gcur isteach le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí laistigh de 6 mhí, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus leis an dara fomhír d'Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.

11. Más rud é go n-iarrann an Ghníomhaireacht, nó gach údarás rialála inniúil i gcomhpháirt, leasú chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a cuireadh isteach i gcomhréir le míreanna 6 agus 7 faoi seach a fhormheas, cuirfidh OCTanna ábhartha togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe isteach lena bhformheas laistigh de 2 mhí tar éis na hiarrata ón nGníomhaireacht, nó ó na húdaráis rialála. Déanfaidh an Ghníomhaireacht nó na húdaráis rialála inniúla na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí leasaithe a chinneadh laistigh de 2 mhí tar éis a dtíolactha. I gcás nach bhfuil na húdaráis rialála inniúla in ann teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí de bhun mhír 7 laistigh den spriocdháta 2 mhí, nó arna iarraidh sin dóibh go comhpháirteach, nó don Ghníomhaireacht de réir an tríú fomhír d'Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/942, glacfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh maidir leis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe laistigh de 6 mhí, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus leis an dara fomhír d'Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. Mura gcuireann na OCTanna ábhartha togra isteach le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 4.

12. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, nó na húdaráis rialála inniúla i gcomhpháirt, i gcás ina bhfuil sé freagrach as na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a ghlacadh i gcomhréir le míreanna 6 agus 7, féadfaidh siad féin tograí le haghaidh leasuithe ar na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a iarraidh agus cinneadh a dhéanamh maidir le spriocdháta i ndáil le tíolacadh na dtograí. OCTanna atá freagrach as togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a fhorbairt, féadfaidh siad leasuithe a mholadh d'údaráis rialála agus don Ghníomhaireacht.

Déanfar na tograí chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a leasú a chur isteach le haghaidh comhairliúcháin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6 agus déanfar iad a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo.

13. OCTanna atá freagrach as na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a bhunú de réir an Rialacháin seo, déanfaidh siad iad a fhoilsiú ar an idirlíon tar éis don Ghníomhaireacht nó do na húdaráis rialála inniúla iad a fhormheas nó, i gcás nach gá formheas den sórt sin, tar éis a mbunaithe, seachas i gcás ina meastar an fhaisnéis sin a bheith rúnda i gcomhréir le hAirteagal 7."

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/2195

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 4 go 7 de Rialachán (AE) 2017/2195:

"*Airteagal 4*

Téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí OCTanna

1. Forbróidh OCTanna na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí is gá de réir an Rialacháin seo agus cuirfidh siad faoi bhráid na Gníomhaireachta iad lena bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 5(2), nó faoi bhráid na n-údarás rialála ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 5(3) laistigh de na spriocdhátaí faoi seach a leagtar amach sa Rialachán seo. In imthosca eisceachtúla, go sonrach i gcás nach féidir spriocdháta a chomhlíonadh de bharr imthosca lasmuigh de

réimse na OCTanna, féadfaidh an Ghníomhaireacht na spriocdhátaí do théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a chur siar i nósanna imeachta de bhun Airteagal 5(2), agus féadfaidh gach údarás rialála inniúil déanamh amhlaidh go comhpháirteach trí nósanna imeachta de bhun Airteagal 5(3) agus féadfaidh an t-údarás rialála inniúil déanamh amhlaidh i nósanna imeachta de bhun Airteagal 5(4).

2. Más rud é gur gá do níos mó ná OCT amháin togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí de bhun an Rialacháin seo a fhorbairt agus a chomhaontú, rachaidh OCTanna rannpháirteacha i ndlúthchomhar le chéile. Le cúnamh ó ENTSO don Leictreachas, cuirfidh OCTanna na húdaráis rialála ábhartha agus an Ghníomhaireacht ar an eolas go tráthrialta faoin dul chun cinn maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí sin a fhorbairt.

3. I gcás nach bhfuil OCTanna in ann teacht ar chomhaontú chun tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 5(2) a chinneadh, is le vótáil trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh siad cinneadh. I gcás tromlach cáilithe le haghaidh na dtograí a liostaítear in Airteagal 5(2), is gá an tromlach seo a leanas a bheith ann:

(a) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar 55 % ar a laghad de na Ballstáit; agus

(b) OCTanna nó OAMLanna a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit ina bhfuil 65 % de dhaonra an Aontais ar a laghad.

Chun go mbeidh mionlach blocála ann i gcomhair cinntí maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 5(2), beidh OCTanna ann a dhéanann ionadaíocht ar cheithre Bhallstát ar a laghad, agus dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe bheith ann.

4. I gcás nach bhfuil OCTanna in ann teacht ar chomhaontú chun tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 5(3) a chinneadh, agus más rud é go bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát sna réigiúin lena mbaineann, is le vótáil trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh siad cinneadh. I gcás tromlach cáilithe le haghaidh tograí i gcomhréir le Airteagal 5(3), is gá an tromlach seo a leanas a bheith ann:

(a) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar 72 % de na Ballstáit lena mbaineann ar a laghad; agus

(b) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit ina bhfuil 65 % de dhaonra an réigiúin lena mbaineann ar a laghad.

Chun go mbeidh mionlach blocála ann i gcomhair cinntí maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 5(3), beidh ar a laghad an líon íosta OCTanna ann a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná 35 % de dhaonra na mBallstát atá rannpháirteach, móide OCTanna a dhéanann ionadaíocht, ar a laghad, ar cheann amháin de na Ballstáit lena mbaineann, dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

5. OCTanna a dhéanann cinneadh maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 5(3) i ndáil le réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú, is de chomhthoil a dhéanfaidh siad cinneadh.

6. I gcás cinntí OCTanna maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí de bhun mhíreanna 3 agus 4, sannfar vóta amháin le haghaidh gach Ballstáit. Má tá níos mó ná aon OCT amháin i gcríoch Ballstáit, déanfaidh an Ballstát na cumhachtaí vótála a leithdháileadh ar na OCTanna.

7. I gcás nach gcuireann OCTanna isteach togra tosaigh nó togra leasaithe le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi bhráid na n-údarás rialála ábhartha, nó faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 laistigh de na spriocdhátaí a leagtar amach sa Rialachán seo, soláthróidh siad do na húdaráis rialála ábhartha agus don Ghníomhaireacht dréachtaí ábhartha na dtograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí, agus míneoidh siad cad chuige nár thángthas ar chomhaontú. Glacfaidh an Ghníomhaireacht, gach údarás rialála ábhartha i gcomhpháirt, nó an t-údarás rialála ábhartha na bearta is iomchuí chun na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5, cuir i gcás trí leasuithe a iarraidh nó trí na dréachtaí a athbhreithniú agus a chur i gcrích de bhun na míre seo, lena n-áirítear sa chás nár tíolacadh an dréacht, agus iad a fhormheas.

Airteagal 5

Téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí OCTanna a fhormheas

1. Gach údarás rialála nó i gcás inarb infheidhme, an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, déanfaidh sé na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí arna bhforbairt ag OCTanna faoi mhíreanna 2, 3 agus 4 a fhormheas. Sula ndéanfaidh an Ghníomhaireacht nó na húdaráis rialála na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a fhormheas, déanfaidh siad athbhreithniú ar na tograí de réir mar is gá agus tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na OCTanna faoi seach, chun a áirithiú go bhfuil siad ag teacht le cuspóir an Rialacháin seo agus go rannchuidíonn siad le comhtháthú margaidh, neamh-idirdhealú, iomaíocht éifeachtach agus feidhmiú cuí an mhargaidh.

2. Is faoi réir formheas a fháil ón nGníomhaireacht a bheidh na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó na modheolaíochtaí seo a leanas agus aon leasú orthu:

(a) na creataí chun ardáin Eorpacha a bhunú de bhun Airteagal 20(1), Airteagal 21(1) agus Airteagal 22(1);

(b) na modhnuithe ar na creataí chun ardáin Eorpacha a bhunú de bhun Airteagal 20(5) agus Airteagal 21(5);

(c) na táirgí caighdeánacha le haghaidh na hacmhainneachta don chothromú de bhun Airteagal 25(2);

(d) an mhodheolaíocht aicmithe chun tairiscintí d'fhuinneamh don chothromú a chur i ngníomh de bhun Airteagal 29(3);

(e) an measúnú ar an méadú a d'fhéadfadh teacht ar an íosmhéid de thairiscintí d'fhuinneamh don chothromú a chuirfear ar aghaidh chuig na hardáin Eorpacha de bhun Airteagal 29(11);

(f) na modheolaíochtaí chun fuinneamh don chothromú a phraghsáil agus acmhainneacht thraschreasach a úsáidtear chun fuinneamh don chothromú a mhalartú nó chun an próiseas do chomhardú míchothromaíochtaí a fheidhmiú de bhun Airteagal 30(1) agus (5);

(g) comhchuibhiú na modheolaíochta le haghaidh phróiseas leithdháilte na hacmhainneachta traschreasaí chun acmhainneacht don chothromú a mhalartú nó chun cúltacaí a chomhroinnt de bhun Airteagal 38(3);

(h) an mhodheolaíocht le haghaidh próiseas leithdháilte acmhainneachta traschreasaí comh-optamaithe de bhun Airteagal 40(1);

(i) rialacha OCT-OCT maidir le socrú i ndáil leis an malartú fuinnimh atá beartaithe de bhun Airteagal 50(1);

(j) príomhghnéithe réitithe míchothromaíochtaí a chomhchuibhiú de bhun Airteagal 52(2).

Féadfaidh Ballstát tuairim a thabhairt don údarás rialála lena mbaineann maidir leis na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó na modheolaíochtaí a liostaítear sa chéad fhomhír.

3. Beidh na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó modheolaíochtaí seo a leanas, agus aon leasú orthu, faoi réir formheas ó gach údarás rialála sa réigiún lena mbaineann:

(a) an creat don limistéar geografach a bhaineann leis na OCTanna uile atá i mbun an phróisis um athsholáthar cúltacaí de bhun Chuid IV de Rialachán (AE) 2017/1485, chun an t-ardán Eorpach le haghaidh cúltacaí athsholáthair de bhun Airteagal 19(1) a bhunú;

(b) maidir leis an limistéar geografach a bhaineann le dhá OCT nó níos mó, ar OCTanna iad a dhéanann acmhainneacht don chothromú a mhalartú nó atá toilteanach acmhainneacht don chothromú a chomhmhalartú, rialacha agus próiseas comhchoiteann agus comhchuibhithe a bhunú chun an acmhainneacht don chothromú a mhalartú agus a sholáthar de bhun Airteagal 33(1);

(c) maidir leis an limistéar geografach lena gcumhdaítear OCTanna a dhéanann acmhainneacht don chothromú a mhalartú, an mhodheolaíocht chun dóchúlacht na hacmhainneachta traschreasaí atá ar fáil a ríomh tar éis am dúnta an gheata thraschreasaigh ionlae de bhun Airteagal 33(6);

(d) an díolúine, maidir leis an limistéar geografach inar soláthraíodh an acmhainneacht don chothromú, gan soláthraithe seirbhísí don chothromú a cheadú a n-oibleagáidí maidir le hacmhainneacht don chothromú a chur ar fáil de bhun Airteagal 34(1) a aistriú;

(e) samhail Oibreora Córais Tarchurtha-Soláthraithe Seirbhíse Cothromúcháin a chur i bhfeidhm i limistéar geografach ina bhfuil dhá OCT nó níos mó, de bhun Airteagal 35(1);

(f) an mhodheolaíocht chun an acmhainneacht thraschreasach a ríomh le haghaidh gach réigiún ríofa acmhainneachta de bhun Airteagal 37(3);

(g) i limistéar geografach a bhfuil dhá OCT nó níos mó ann, cur chun feidhme phróiseas leithdháilte na hacmhainneachta traschreasaí chun acmhainneacht don chothromú a mhalartú nó chun cúltacaí a chomhroinnt de bhun Airteagal 38(1) ;

(h) i gcás gach réigiún ríofa acmhainneachta, an mhodheolaíocht le haghaidh próiseas leithdháilte acmhainneachta traschreasaí margadhbhunaithe de bhun Airteagal 41(1);

(i) i gcás gach réigiúin ríofa acmhainneachta, an mhodheolaíocht le haghaidh phróiseas leithdháilte acmhainneachta traschreasaí bunaithe ar anailís ar éifeachtúlacht eacnamaíoch agus liosta de gach leithdháileadh aonair acmhainneachta traschreasaí bunaithe ar anailís ar éifeachtúlacht eacnamaíoch de bhun Airteagal 42(1) go (5);

(j) maidir leis an limistéar geografach ina bhfuil gach OCT ag malartú fuinnimh laistigh de limistéar sioncrónach d'aon ghnó, rialacha OCT-OCT maidir le socrú i ndáil leis an malartú fuinnimh beartaithe de bhun Airteagal 50(3);

(k) maidir leis an limistéar geografach ina bhfuil gach OCT nasctha go haisioncrónach agus ag malartú fuinnimh d'aon ghnó, rialacha OCT-OCT maidir le socrú i ndáil leis an malartú fuinnimh beartaithe de bhun Airteagal 50(4);

(l) maidir le gach limistéar sioncrónach, rialacha OCT-OCT maidir le socrú i ndáil leis an malartú fuinnimh nach bhfuil beartaithe de bhun Airteagal 51(1);

(m) maidir leis an limistéar geografach ina bhfuil gach OCT nasctha go haisioncrónach, rialacha OCT-OCT maidir le socrú i ndáil leis an malartú fuinnimh nach bhfuil beartaithe de bhun Airteagal 51(2);

(n) an díolúine, ar leibhéal limistéir shioncrónaigh, maidir leis na tréimhsí réitithe míchothromaíochta de bhun Airteagal 53(2);

(o) maidir leis an limistéar geografach ina bhfuil dhá OCT nó níos mó a dhéanann acmhainneacht don chothromú a mhalartú, na prionsabail le haghaidh algartaim a chothromú de bhun Airteagal 58(3).

Féadfaidh Ballstát tuairim a thabhairt don údarás rialála lena mbaineann maidir leis na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó na modheolaíochtaí a liostaítear sa chéad fhomhír.

4. Beidh na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó modheolaíochtaí seo a leanas, agus aon leasú orthu, faoi réir formheas a fháil ó gach údarás rialála gach Ballstáit lena mbaineann ar bhonn cás ar chás:

(a) an díolúine chun faisnéis a fhoilsiú maidir le praghsanna a thairgtear d'fhuinneamh don chothromú nó do thairiscintí acmhainneachta don chothromú i ngeall ar imní faoi dhrochúsáid mhargaidh de bhun Airteagal 12(4);

(b) i gcás inarb iomchuí, an mhodheolaíocht chun costais a eascraíonn as gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag oibreoirí córais dáileacháin (OCDanna) a leithdháileadh, de bhun Airteagal 15(3);

(c) na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le cothromú de bhun Airteagal 18;

(d) sainmhíniú agus úsáid táirgí sonracha de bhun Airteagal 26(1);

(e) an teorainn ar mhéid na dtairiscintí a chuirtear ar aghaidh chuig na hardáin Eorpacha de bhun Airteagal 29(10);

(f) an díolúine de bhun Airteagal 32(3) maidir le soláthar na hacmhainneachta ardaithí agus soláthar na hacmhainneachta íslithí ar leithligh don cothromú;

(g) i gcás inarb iomchuí, an sásra socraíochta breise ar leithligh ón réiteach míchothromaíochtaí, costais soláthair na hacmhainneachta don chothromú, costais riaracháin agus costais eile a bhaineann le cothromú le páirtithe atá freagrach as cothromú de bhun Airteagal 44(3) a shocrú;

(h) na maoluithe ar cheann amháin nó níos mó d'fhorálacha an Rialacháin seo de bhun Airteagal 62(2);

(i) na costais a bhaineann leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar oibreoirí córais nó ar thríú heintitis shannta i gcomhréir leis an Rialachán seo de bhun Airteagal 8(1).

Féadfaidh Ballstát tuairim a thabhairt don údarás rialála lena mbaineann maidir leis na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó na modheolaíochtaí a liostaítear sa chéad fhomhír.

5. Áireofar sa togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí amscála beartaithe lena gcur chun feidhme agus tuairisc ar an tionchar a mheastar a bheidh acu ar chuspóirí an Rialacháin seo. Ní bheidh an t-amscála cur chun feidhme níos faide ná 12 mhí tar éis do na húdaráis rialála ábhartha é a fhormheas, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn na húdaráis rialála ábhartha uile síneadh a chur leis an amscála cur chun feidhme nó i gcás ina leagtar amach amscálaí éagsúla sa Rialachán seo. Maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi réir formheas ó roinnt údarás rialála i gcomhréir le mír 3, cuirfear faoi bhráid na Gníomhaireachta iad laistigh de 1 sheachtain amháin tar éis iad a chur faoi bhráid údarás rialála. Maidir le tograí haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi réir formheas ó aon údarás rialála amháin i gcomhréir le mír 4, féadfar iad a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta laistigh de 1 mhí amháin tar éis iad a chur isteach, faoi rogha an údaráis rialála, agus cuirfear isteach iad arna iarraidh sin don Ghníomhaireacht chun críocha faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2019/942 má mheasann an Ghníomhaireacht go bhfuil tionchar trasteorann ag an togra. Arna iarraidh sin do na húdaráis rialála ábhartha, eiseoidh an Ghníomhaireacht tuairim laistigh de 3 mhí ar na tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí.

6. I gcás ina n-éilítear cinneadh ó níos mó ná údarás rialála amháin chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí i gcomhréir le mír 3 a fhormheas, nó chun an t-athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 6 a dhéanamh, rachaidh na húdaráis rialála ábhartha i gcomhairle le chéile, i ndlúthchomhair le chéile agus déanfaidh siad comhoibriú go dlúth le chéile chun teacht ar chomhaontú. Más rud é go n-eisíonn an Ghníomhaireacht tuairim, cuirfidh na húdaráis rialála ábhartha an tuairim sin san áireamh. Déanfaidh údaráis rialála, nó i gcás inarb inniúil, an Ghníomhaireacht, cinneadh maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a cuireadh isteach i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4, laistigh de 6 mhí tar éis don Ghníomhaireacht nó don údarás rialála ábhartha nó, i gcás inarb infheidhme, don údarás rialála deireanach lena mbaineann, na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a fháil. Is é tús na tréimhse an lá tar éis an lae a cuireadh an togra faoi bhráid na Gníomhaireachta i gcomhréir le mír 2, faoi bhráid an údaráis rialála dheireanaigh lena mbaineann i gcomhréir le mír 3 nó, i gcás inarb infheidhme, faoi bhráid na n-údarás rialála ábhartha i gcomhréir le mír 4.

7. I gcás nach bhfuil na húdaráis rialála ábhartha in ann teacht ar chomhaontú laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 6, nó arna iarraidh sin dóibh go comhpháirteach, nó don Ghníomhaireacht de réir an tríú fomhír d'Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/942, glacfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh i ndáil leis na tograí arna gcur isteach maidir le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí laistigh de 6 mhí ó dháta na tagartha, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus leis an dara fomhír d'Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.

8. Is féidir le haon pháirtí gearán a dhéanamh i gcoinne oibreoir córais ábhartha nó OCT ábhartha maidir le hoibleagáidí nó cinntí an oibreora córais ábhartha nó an OCT sin faoin Rialachán seo agus féadfaidh sé an gearán a chur faoi bhráid an údaráis rialála, údarás a bheidh ag gníomhú mar Údarás réitigh díospóidí, agus eiseoidh sé cinneadh laistigh de 2 mhí tar éis dó an gearán a fháil. Féadfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí bhreise i gcás ina mbeidh faisnéis bhreise á lorg ag an údarás rialála ábhartha. Féadfar an tréimhse shínithe a shíniú arís le comhaontú ón ngearánaí. Beidh éifeacht cheangailteach ag cinneadh an údaráis rialála ábhartha ach amháin má chuirtear ar neamhní é ar achomharc, agus go dtí go ndéantar é sin.

Airteagal 6

Leasuithe ar théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí OCTanna

1. Más rud é go n-éilíonn an Ghníomhaireacht, nó gach údarás rialála ábhartha i gcomhpháirt, nó an t-údarás rialála ábhartha, leasú chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 5(2), (3) agus (4) faoi seach a fhormheas, cuirfidh OCTanna ábhartha togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe isteach lena bhformheas laistigh de 2 mhí tar éis na hiarrata ón nGníomhaireacht nó ó na húdaráis rialála ábhartha. Déanfaidh an Ghníomhaireacht nó na húdaráis rialála ábhartha na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí leasaithe a chinneadh laistigh de 2 mhí tar éis a dtíolactha.

2. I gcás nach bhfuil na húdaráis rialála ábhartha in ann teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí laistigh den spriocdháta 2 mhí, nó arna iarraidh sin dóibh go comhpháirteach, nó don Ghníomhaireacht de réir an tríú fomhír d'Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/942, glacfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh maidir leis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe laistigh de 6 mhí, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus leis an dara fomhír d'Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. Mura gcuireann na OCTanna ábhartha togra isteach le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 4.

3. I gcás ina bhfuil an Ghníomhaireacht nó na húdaráis rialála inniúla freagrach as na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5(2), (3) agus (4), féadfaidh siad féin tograí le haghaidh leasuithe ar na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí sin a iarraidh agus spriocdháta i ndáil le tíolacadh na dtograí a chinneadh. OCTanna atá freagrach as togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a fhorbairt, féadfaidh siad leasuithe a mholadh d'údaráis rialála agus don Ghníomhaireacht. Beidh na tograí le haghaidh leasuithe ar na téarmaí agus coinníollacha nó na modheolaíochtaí faoi réir comhairliúcháin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10 agus déanfar iad a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5.

Airteagal 7

Téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a fhoilsiú ar an idirlíon

OCTanna atá freagrach as na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a bhunú de réir an Rialacháin seo, déanfaidh siad iad a fhoilsiú ar an idirlíon tar éis don Ghníomhaireacht nó do na húdaráis rialála ábhartha iad a fhormheas nó, i gcás nach gá formheas den sórt sin, tar éis a mbunaithe, seachas i gcás ina meastar an fhaisnéis sin a bheith rúnda i gcomhréir le hAirteagal 11."

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1485

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 5 go 8 de Rialachán (AE) 2017/1485:

"Airteagal 5

Téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí OCTanna

1. Forbróidh OCTanna na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí is gá de réir an Rialacháin seo agus cuirfidh siad faoi bhráid na Gníomhaireachta iad lena bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 6(2), nó faoi bhráid na n-údarás rialála inniúil i gcomhréir le hAirteagal 6(3), nó faoi bhráid an eintitis arna ainmniú ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 6(4) agus (5) laistigh de na spriocdhátaí faoi seach a leagtar amach sa Rialachán seo. In imthosca eisceachtúla, go sonrach i gcás nach féidir spriocdháta a chomhlíonadh de bharr imthosca lasmuigh de réimse na OCTanna, féadfaidh an Ghníomhaireacht na spriocdhátaí do théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a chur siar i nósanna imeachta de bhun Airteagal 6(2,), agus féadfaidh gach údarás rialála inniúil déanamh amhlaidh go comhpháirteach trí nósanna imeachta de bhun Airteagal 6(3) agus féadfaidh an t-údarás rialála inniúil déanamh amhlaidh i nósanna imeachta de bhun Airteagal 6(4) agus (5).

2. Más rud é gur gá do níos mó ná OCT amháin togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí de bhun an Rialacháin seo a fhorbairt agus a chomhaontú, rachaidh na OCTanna rannpháirteacha i ndlúthchomhar le chéile. Le cúnamh ó ENTSO don Leictreachas, cuirfidh OCTanna na húdaráis rialála agus an Ghníomhaireacht ar an eolas go tráthrialta faoin dul chun cinn maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí sin a fhorbairt.

3. I gcás nach bhfuil OCTanna in ann teacht ar chomhaontú chun tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 6(2) a chinneadh, is le vótáil trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh siad cinneadh. Chun go mbeidh tromlach cáilithe do thograí ann i gcomhréir le hAirteagal 6(2) éileofar tromlach mar a leanas:

(a) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar 55 % ar a laghad de na Ballstáit; agus

(b) OCTanna nó OAMLanna a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit ina bhfuil 65 % de dhaonra an Aontais ar a laghad.

4. Chun go mbeidh mionlach blocála ann i gcomhair cinntí maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 6(2), beidh OCTanna ann a dhéanann ionadaíocht ar cheithre Bhallstát ar a laghad, agus dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe bheith ann.

5. I gcás nach bhfuil OCTanna in ann teacht ar chomhaontú chun tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí i gcomhréir Airteagal 6(3) a chinneadh, agus más rud é go bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát sna réigiúin lena mbaineann, is le vótáil trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh siad cinneadh. Chun go mbeidh tromlach cáilithe do thograí ann i gcomhréir le hAirteagal 6(3) éileofar tromlach mar a leanas:

(a) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar 72 % de na Ballstáit lena mbaineann ar a laghad; agus

(b) OCTanna a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit ina bhfuil 65 % ar a laghad de dhaonra an réigiúin lena mbaineann.

6. Chun go mbeidh mionlach blocála ann i gcomhair cinntí maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 6(3), beidh ar a laghad an líon íosta OCTanna ann a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná 35 % de dhaonra na mBallstát atá rannpháirteach, móide OCTanna a dhéanann ionadaíocht, ar a laghad, ar cheann amháin de na Ballstáit lena mbaineann, dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

7. OCTanna a dhéanann cinneadh maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 6(3) i ndáil le réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú, is de chomhthoil a dhéanfaidh siad cinneadh.

8. I gcás cinntí OCTanna maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí de bhun mhíreanna 3 agus 5, sannfar vóta amháin le haghaidh gach Ballstáit. Má tá níos mó ná aon OCT amháin i gcríoch Ballstáit, déanfaidh an Ballstát na cumhachtaí vótála a leithdháileadh ar na OCTanna.

9. I gcás nach gcuireann OCTanna togra tosaigh nó togra leasaithe isteach le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi bhráid na n-údarás rialála, nó faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 7, nó faoi bhráid na n-eintiteas ainmnithe ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 6(4) laistigh de na spriocdhátaí a leagtar amach sa Rialachán seo, soláthróidh siad don eintiteas ainmnithe, do na húdaráis rialála inniúla agus don Ghníomhaireacht dréachtaí ábhartha na dtograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí, agus míneoidh siad cad chuige nár thángthas ar chomhaontú. Glacfaidh an Ghníomhaireacht, gach údarás rialála inniúil i gcomhpháirt, nó an t-údarás rialála inniúil ainmnithe na bearta is iomchuí chun na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí is gá a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6, cuir i gcás trí leasuithe a iarraidh nó trí na dréachtaí a athbhreithniú agus a chur i gcrích de bhun na míre seo, lena n-áirítear sa chás nár tíolacadh an dréacht, agus iad a fhormheas.

Airteagal 6

Téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí OCTanna a fhormheas

1. Gach údarás rialála nó i gcás inarb infheidhme, an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, déanfaidh sé na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí arna bhforbairt ag OCTanna faoi mhíreanna 2 agus 3 a fhormheas. An t-eintiteas atá ainmnithe ag Ballstát, déanfaidh sé na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí arna bhforbairt ag OCTanna faoi mhír 4 a fhormheas. Mura bhforálann an Ballstát a mhalairt, is é an t-údarás rialála a bheith ina eintiteas ainmnithe. Sula ndéanfaidh an t-údarás ábhartha, an Ghníomhaireacht nó na an t-eintiteas ainmnithe na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a fhormheas, déanfaidh siad athbhreithniú ar na tograí de réir mar is gá agus tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na OCTanna faoi seach chun a áirithiú go bhfuil siad ag teacht le cuspóir an Rialacháin seo agus go rannchuidíonn siad le comhtháthú margaidh, neamh-idirdhealú, iomaíocht éifeachtach agus feidhmiú cuí an mhargadh.

2. Beidh na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha nó modheolaíochtaí seo a leanas, agus aon leasú orthu, faoi réir formheas na Gníomhaireachta, a bhféadfaidh Ballstát tuairim a thabhairt ina leith chuig an údarás rialála lena mbaineann:

(a) príomhcheanglais eagrúcháin, róil agus freagrachtaí maidir le malartú sonraí a bhaineann le slándáil oibríochtúil i gcomhréir le hAirteagal 40(6);

(b) an mhodheolaíocht chun na samhlacha eangaí coiteanna a thógáil i gcomhréir le hAirteagal 67(1) agus Airteagal 70;

(c) an mhodheolaíocht chun anailís slándála oibríochtúla a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 75.

3. Beidh na tograí le haghaidh na dtéarmaí agus gcoinníollacha nó modheolaíochtaí seo a leanas, agus aon leasú orthu, faoi réir formheas ó gach údarás rialála sa réigiún lena mbaineann, a bhféadfaidh Ballstát tuairim a thabhairt ina leith chuig an údarás rialála lena mbaineann:

(a) modheolaíocht do gach limistéar sioncrónach chun táimhe íosta a shainmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 39(3)(b);

(b) forálacha coiteanna do gach réigiún ríofa acmhainneachta maidir le comhordú réigiúnach na slándála oibríochtúla i gcomhréir le hAirteagal 76;

(c) modheolaíocht, in aghaidh an limistéir shioncrónaigh ar a laghad, chun ábharthacht na sócmhainní le haghaidh comhordú éartha a mheas i gcomhréir le hAirteagal 84;

(d) modheolaíochtaí, coinníollacha agus luachanna a áirítear sna comhaontuithe oibríochtúla maidir le réimse sioncrónach in Airteagal 118 maidir leis an méid a leanas:

(i) na paraiméadair lena sainítear cáilíocht na minicíochta agus spriocpharaiméadair cháilíocht na minicíochta i gcomhréir le hAirteagal 127;

(ii) na rialacha le haghaidh cúltacaí rialaithe minicíochta i gcomhréir le hAirteagal 153;

(iii) airíonna breise cúltacaí rialaithe minicíochta i gcomhréir le hAirteagal 154(2);

(iv) i gcás limistéir shioncrónacha na Breataine Móire agus Éireann/Thuaisceart Éireann, na bearta lena áirithiú go ndéanfar taiscumair fuinnimh a aisghabháil i gcomhréir le hAirteagal 156(6)(b);

(v) i gcás limistéir shioncrónacha mhór-roinn na hEorpa agus Nordacha, an íostréimhse ghníomhachtaithe atá le háirithiú ag soláthraithe cúltacaí rialaithe minicíochta i gcomhréir le hAirteagal 156(10);

(vi) i gcás limistéir shioncrónacha mhór-roinn an hEorpa agus an Nordacha, na toimhdí agus an mhodheolaíocht do mheasúnú costais is tairbhe i gcomhréir le hAirteagal 156(11);

(vii) i gcás limistéir shioncrónacha nach mór-roinn na hEorpa iad agus más infheidhme, na teorainneacha maidir le cúltacaí rialaithe minicíochta a mhalartú idir OCTanna i gcomhréir le hAirteagal 163(2);

(viii) i gcás limistéir shioncrónacha na Breataine Móire agus Éireann/Thuaisceart Éireann, an mhodheolaíocht chun soláthar íosta acmhainneachta cúltaca a chinneadh le haghaidh cúltacaí rialaithe minicíochta idir limistéir shioncrónacha, arna sainiú i gcomhréir le hAirteagal 174(2)(b);

(ix) teorainneacha le méid cúltaca athbhunaithe minicíochta ("CAM") a mhalartaítear idir limistéir shioncrónacha arna sainiú i gcomhréir le hAirteagal 176(1) agus teorainneacha leis an méid CAM a chomhroinntear idir limistéir shioncrónacha arna sainiú i gcomhréir le hAirteagal 177(1);

(x) teorainneacha le méid cúltacaí athchuir a mhalartaítear idir limistéir shioncrónacha arna sainiú i gcomhréir le hAirteagal 178(1) agus teorainneacha leis an méid cúltacaí athchuir chomhroinntear idir limistéir shioncrónacha arna sainiú i gcomhréir le hAirteagal 179(1);

(e) modheolaíochtaí agus coinníollacha a áirítear sna comhaontuithe maidir bloc rialaithe lódmhinicíochta in Airteagal 119 maidir leis an méid a leanas:

(i) srianta rampála le haghaidh aschuir cumhachta gníomhaí i gcomhréir le hAirteagal 137(3) agus (4);

(ii) bearta comhordaithe a bhfuil sé d'aidhm leo earráidí rialaithe athbhunaithe minicíochta, faoi mar a shainmhínítear iad in Airteagal 152(14), a laghdú;

(iii) bearta chun earráidí rialaithe athbhunaithe minicíochta a laghdú trína cheangal go dtiocfaidh athruithe i dtáirgeadh nó i dtomhailt cumhachta gníomhaí na modúl giniúna cumhachta agus na n-aonad éilimh i gcomhréir le hAirteagal 152(16);

(iv) rialacha ríofa CAM i gcomhréir le hAirteagal 157(1);

(f) bearta maolaithe in aghaidh an limistéir shioncrónaigh nó an bhloic rialaithe lódmhinicíochta i gcomhréir le hAirteagal 138;

(g) togra comhchoiteann in aghaidh an limistéir shioncrónaigh chun bloic rialaithe lódmhinicíochta a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 141(2).

4. Mura gcinneann an Ballstát a mhalairt, beidh na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí seo a leanas, agus aon leasú orthu, faoi réir a bhformheasta ag an eintiteas arna ainmniú i gcomhréir le mír 1 ag an mBallstát:

(a) i gcás limistéir shioncrónacha na Breataine Móra agus Éireann/Thuaisceart Éireann, an togra ó gach OCT lena sonraítear leibhéal an chaillteanais éilimh ag a mbeidh an córas tarchurtha sa staid lándorchaithe;

(b) raon feidhme an mhalartaithe sonraí le hoibreoirí córais dáileacháin agus le húsáideoirí eangaí suntasacha i gcomhréir le hAirteagal 40(5);

(c) na ceanglais bhreise le haghaidh grúpaí soláthair cúltacaí rialaithe minicíochta i gcomhréir le hAirteagal 154(3);

(d) grúpaí soláthair cúltacaí rialaithe minicíochta a eisiamh ó sholáthar cúltacaí rialaithe minicíochta i gcomhréir le hAirteagal 154(4);

(e) i gcás limistéir mhór-roinn na hEorpa agus Nordacha, an togra maidir leis an íostréimhse ghníomhachtaithe eatramhach atá le háirithiú ag soláthraithe cúltacaí rialaithe minicíochta i gcomhréir le hAirteagal 156(9);

(f) ceanglais theicniúla maidir le CAM arna sainiú ag an OCT i gcomhréir le hAirteagal 158(3);

(g) diúltú do ghrúpaí soláthair CAM maidir le soláthar CAM i gcomhréir le hAirteagal 159(7);

(h) ceanglais theicniúla chun aonaid soláthair cúltacaí athchuir a nascadh le grúpaí soláthair cúltacaí athchuir arna sainmhíniú ag an OCT i gcomhréir le hAirteagal 161(3); agus

(i) diúltú do ghrúpaí soláthair cúltacaí athchuir maidir le soláthar cúltacaí athchuir i gcomhréir le hAirteagal 162(6).

5. I gcás ina gceanglaítear ar oibreoir córais ábhartha aonair nó ar OCT, nó i gcás ina gceadaítear dó, faoin Rialachán seo, ceanglais nach bhfuil faoi réir mhír 4 a shonrú nó teacht ar chomhaontú ina leith, féadfaidh na Ballstáit a cheangal go bhformheasfaidh an t-údarás inniúil rialála na ceanglais sin agus aon leasú orthu roimh ré.

6. Áireofar sa togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí amscála beartaithe lena gcur chun feidhme agus tuairisc ar an tionchar a mheastar a bheidh acu ar chuspóirí an Rialacháin seo. Maidir le tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi réir formheas ó roinnt údarás rialála i gcomhréir le mír 3, cuirfear faoi bhráid na Gníomhaireachta iad laistigh de 1 sheachtain amháin tar éis iad a chur faoi bhráid údarás rialála. Maidir le tograí haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi réir formheas ó eintitis ainmnithe i gcomhréir le mír 4, féadfar iad a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta laistigh de 1 mhí amháin tar éis a dtíolactha faoi rogha an eintitis ainmnithe, agus cuirfear isteach iad arna iarraidh sin don Ghníomhaireacht chun críocha faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2019/942 má mheasann an Ghníomhaireacht go bhfuil tionchar trasteorann ag an togra. Arna iarraidh sin do na húdaráis rialála inniúla, eiseoidh an Ghníomhaireacht tuairim laistigh de 3 mhí ar na tograí le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí.

7. I gcás ina n-éilítear cinneadh ó níos mó ná údarás rialála amháin de bhun mhír 3 chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí i gcomhréir le mír 3 a fhormheas, nó chun an t-athbhreithniú a dhéanamh i gcomhréir le Airteagal 7, rachaidh na húdaráis rialála inniúla i gcomhairle le chéile, i ndlúthchomhair le chéile agus déanfaidh siad comhoibriú go dlúth le chéile chun teacht ar chomhaontú. I gcás ina n-eisíonn an Ghníomhaireacht tuairim, cuirfidh na húdaráis rialála inniúla an tuairim sin san áireamh. Déanfaidh údaráis rialála, nó i gcás inarb inniúil, an Ghníomhaireacht, cinntí maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí arna gcur isteach i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 laistigh de 6 mhí tar éis don Ghníomhaireacht nó don údarás rialála nó, i gcás i gcás inarb infheidhme, don údarás rialála deireanach lena mbaineann, na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a fháil. Is é tús na tréimhse an lá tar éis an lae a cuireadh an togra faoi bhráid na Gníomhaireachta i gcomhréir le mír 2 nó faoi bhráid an údaráis rialála dheireanaigh lena mbaineann i gcomhréir le mír 3.

8. I gcás nach bhfuil na húdaráis rialála in ann teacht ar chomhaontú laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 7, nó arna iarraidh sin dóibh go comhpháirteach, nó don Ghníomhaireacht de réir an tríú fomhír d'Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/942, glacfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh maidir leis na tograí arna gcur isteach le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí laistigh de 6 mhí, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus leis an dara fomhír d'Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. .

9. I gcás ina n-éilítear cinneadh ó eintiteas ainmnithe aonair i gcomhréir le mír 4 nó ón údarás rialála inniúil i gcomhréir le mír 5 chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a fhormheas, tiocfaidh an t-eintiteas ainmnithe nó an t-údarás rialála inniúil ar chinneadh laistigh de 6 mhí tar éis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a fháil. Is é tús na tréimhse an lá tar éis an lae a cuireadh an togra faoi bhráid an eintitis ainmnithe i gcomhréir le mír 4 nó faoi bhráid an údaráis rialála inniúil i gcomhréir le mír 5.

10. Is féidir le haon pháirtí gearán a dhéanamh i gcoinne oibreoir córais ábhartha nó OCT ábhartha i ndáil le hoibleagáidí an oibreora ábhartha nó OCT sin nó i ndáil le cinntí faoin Rialachán seo agus féadfaidh sé an gearán a tharchur chuig an údarás rialála a eiseoidh, agus é ag gníomhú mar údarás um réiteach díospóidí, cinneadh laistigh de 2 mhí ón ngearán a fháil. Féadfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí bhreise i gcás ina mbeidh faisnéis bhreise á lorg ag an údarás rialála. Féadfar an tréimhse shínithe a shíniú arís le comhaontú ón ngearánaí. Beidh éifeacht cheangailteach ag cinneadh an údaráis rialála ach amháin má chuirtear ar neamhní é ar achomharc, agus go dtí go ndéantar é sin.

Airteagal 7

Leasuithe ar théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí OCTanna

1. I gcás ina n-iarrann an Ghníomhaireacht, nó gach údarás rialála inniúil i gcomhpháirt, leasú chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a cuireadh isteach i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 6 faoi seach a fhormheas, cuirfidh OCTanna ábhartha togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe isteach lena bhformheas laistigh de 2 mhí tar éis na hiarrata ón nGníomhaireacht nó ó na húdaráis rialála. Déanfaidh an Ghníomhaireacht nó na húdaráis rialála inniúla na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí leasaithe a chinneadh laistigh de 2 mhí tar éis a dtíolactha.

2. Más rud é go n-éilíonn eintiteas ainmnithe leasú chun na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(4) a fhormheas, nó go n-éilíonn an t-údarás rialála inniúil leasú chun na ceanglais a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(5) a fhormheas, cuirfidh an OCT ábhartha togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe isteach lena bhformheas laistigh de 2 mhí tar éis na hiarrata ón eintiteas ainmnithe nó ó údarás rialála inniúil. Déanfaidh an t-eintiteas ainmnithe nó an t-údarás rialála inniúil na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí leasaithe a chinneadh laistigh de 2 mhí tar éis a dtíolactha.

3. I gcás nach bhfuil na húdaráis rialála inniúla in ann teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí de bhun mhíreanna 2 agus 3 d'Airteagal 6 laistigh den spriocdháta 2 mhí, nó arna iarraidh sin dóibh go comhpháirteach, nó don Ghníomhaireacht de réir an tríú fomhír d'Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/942, glacfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh maidir leis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe laistigh de 6 mhí, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus leis an dara fomhír d'Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. Mura gcuireann na OCTanna ábhartha togra isteach le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí leasaithe, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(9).

4. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, nó na húdaráis rialála, nó na heintitis ainmnithe, i gcás ina bhfuil siad freagrach as na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a ghlacadh i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4 d'Airteagal 6, féadfaidh siad féin tograí le haghaidh leasuithe ar na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a iarraidh agus cinneadh a dhéanamh maidir le spriocdháta i ndáil le tíolacadh na dtograí sin. OCTanna atá freagrach as togra le haghaidh téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a fhorbairt, féadfaidh siad leasuithe a mholadh d'údaráis rialála agus don Ghníomhaireacht. Beidh tograí le haghaidh leasuithe ar na téarmaí agus coinníollacha nó na modheolaíochtaí faoi réir comhairliúcháin, más infheidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 11 agus déanfar iad a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagail 5 agus 6.

Airteagal 8

Téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a fhoilsiú ar an idirlíon

1. OCTanna atá freagrach as na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a bhunú de réir an Rialacháin seo, déanfaidh siad iad a fhoilsiú ar an idirlíon tar éis don Ghníomhaireacht nó do na húdaráis rialála inniúla iad a fhormheas nó, i gcás nach gá formheas den sórt sin, tar éis a mbunaithe, seachas i gcás ina measfar an fhaisnéis sin a bheith rúnda i gcomhréir le hAirteagal 12.

2. Bainfidh an foilseachán leis an méid seo a leanas freisin:

(a) feabhsuithe ar uirlisí d'oibriú an ghréasáin i gcomhréir le hAirteagal 55(e);

(b) spriocpharaiméadair earráidí rialaithe athbhunaithe minicíochta i gcomhréir le hAirteagal 128;

(c) srianta rampála ar leibhéal limistéir shioncrónaigh i gcomhréir le hAirteagal 137(1);

(d) srianta rampála ar leibhéal bloic rialaithe lódmhinicíochta i gcomhréir le hAirteagal 137(3);

(e) bearta arna ndéanamh sa staid foláirimh mar gheall ar easpa cúltacaí cumhachta gníomhacha i gcomhréir le hAirteagal 152(11); agus

(f) maidir leis an OCT atá ag nascadh leis an gcúltaca, iarraidh uaidh ar sholáthraí cúltaca rialaithe minicíochta chun an fhaisnéis a chur ar fáil i bhfíor-am i gcomhréir le hAirteagal 154(11)."

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN